Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2022/0362(NLE)

18.12.2023

***

DRÉACHTMHOLADH

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte a thabhairt i gcrích
(15048/2022 – C9-0051/2023 – 2022/0362(NLE))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Gabriel Mato

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 9

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte a thabhairt i gcrích
(15048/2022 – C9-0051/2023 – 2022/0362(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (15048/2022),

– ag féachaint don chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte (15088/2022),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43 agus le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0051/2023),

– ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2023),

1. ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an chomhaontaithe;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht na Séiséal.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Cúlra

Tá stádas ar an leibhéal Eorpach ag Mayotte, oileánra san Aigéan Indiach agus roinn Fhrancach thar lear, mar cheann de na Réigiúin is Forimeallaí ó 2014 i leith. Ós rud é go dtugtar inniúlacht eisiach don Aontas Eorpach leis na Conarthaí chun acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú faoin gComhbheartas Iascaigh (CBI), ní mór rochtain soithí iascaireachta eachtracha ar uiscí mórthimpeall ar Mayotte a bheith á rialú ag an Aontas Eorpach.

An 20 Bealtaine 2014, síníodh an chéad chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte. Tar éis dó teacht i bhfeidhm ar an dáta céanna (ar dtús mar bheart sealadach) ar feadh tréimhse 6 bliana, rinneadh an Comhaontú seo a athnuachan go hintuigthe an 20 Bealtaine 2020.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha, chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le Rialtas na Séiséal d'fhonn comhaontú nua a thabhairt i gcrích maidir le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal. Tar éis na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha le 'Comhaontú nua um Rochtain ar Iascach' an 10 Meitheamh 2022. Cumhdaítear tréimhse 6 bliana leis an gComhaontú nua um Rochtain ar Iascach seo amhail ón 10 Márta 2023, dáta sínithe ag an dá pháirtí, síniú lenar cuireadh tús le cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe sin freisin, go dtí go dtabharfar i gcrích é.

Chomh maith leis an gComhaontú nua sin um Rochtain ar Iascach nua sin ar uiscí Mayotte le haghaidh shoithí iascaireachta na Séiséal, tá AE agus na Séiséil gafa freisin ó 2020 i leith le Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (CCII) agus le prótacal cur chun feidhme a ghabhann leis chun rochtain shoithí iascaireachta an Aontais ar uiscí na Séiséal, agus cearta iascaireachta in uiscí na Séiséal a rialú mar mhalairt ar thacaíocht airgeadais agus theicniúil AE do na Séiséil (cf. nós imeachta 2020/0002(NLE)). Sa CCII seo, tháinig an tAontas Eorpach agus na Séiséil ar chomhaontú freisin maidir le sraith sásraí agus rialacha chun iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar rialú iascaigh agus ar bhailiú sonraí, trí dhlús a chur leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe, neamhrialáilte (NNN), agus trí chomhar níos dlúithe leis na heagraíochtaí bainistithe iascaigh réigiúnacha ar comhaltaí iad AE agus na Séiséil díobh.

An Comhaontú nua um Rochtain ar Iascach

Is é is cuspóir don Chomhaontú nua seo comhpháirtíocht straitéiseach leis na Séiséil a neartú tuilleadh agus rannchuidiú le hiascaireacht fhreagrach in uiscí an Aontais agus beartas iascaigh a fhorbairt in Mayotte. Tá coinníollacha teicniúla agus airgeadais an Chomhaontaithe um Rochtain ar Iascach ailínithe freisin le coinníollacha CCII leis na Séiséil agus lena Phrótacal Cur Chun Feidhme a síníodh in 2020.

Leis an gComhaontú seo bunaítear na prionsabail, na rialacha agus na nósanna imeachta lena rialaítear comhar in earnáil an iascaigh d'fhonn iascaireacht fhreagrach agus caomhnú agus saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh in uiscí thart ar Mayotte a áirithiú bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir na cabhlaigh éagsúla a bhíonn ag iascaireacht sna huiscí sin.

Tá tuilleadh mionsonraithe déanta ar na coinníollacha lena rialaítear rochtain shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí sin an Aontais san iarscríbhinn a ghabhann leis an gcomhaontú (deiseanna iascaireachta, údaruithe iascaireachta, faireachán, agus breathnóirí, etc.). Faoin gcomhaontú, beidh ocht soitheach a bhfuil bratach na Séiséal ar foluain acu (soithí peas-saighne) in ann iascaireacht a dhéanamh in uiscí Mayotte, thar 24 mhuirmhíle óna chóstaí. Braitheann deiseanna iascaireachta ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil (agus i gcás inarb infheidhme laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil) agus i gcomhréir le moltaí na heagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh atá freagrach, is é sin an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC). Is ag ráta EUR 135 in aghaidh an tona de thuinnín a ghabhtar a bheidh na táillí do ghabhálacha (agus réamhíocaíocht EUR 13500 le haghaidh an chéad 100 tona ag soitheach).

Déantar foráil sa chomhaontú freisin maidir leis na socruithe chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar iascaigh agus chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc.

Seasamh an rapóirtéara

Tá an comhaontú seo um rochtain ar iascach straitéiseach, lena ndéantar foráil maidir le comhleanúnachas agus cómhalartacht idir an tAontas agus na Séiséil maidir le saothrú inbhuanaithe acmhainní muirí san Aigéan Indiach. Tríd an gcomhaontú, is mian leis na páirtithe go háirithe an faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a threisiú agus a áirithiú go ndéanfar iascaireacht ar thuinníní agus ar speicis atá cosúil le tuinníní ar bhealach inbhuanaithe, agus cosaint speiceas eile á háirithiú ag an am céanna, go háirithe siorcanna peiligeacha.

Is comhaontú cothrom é trína leanfadh soithí na Séiséal dá ngníomhaíochtaí iascaireachta, agus bheadh sé chun tairbhe Mayotte freisin agus rannchuideodh sé le forbairt na hearnála iascaireachta áitiúla i réigiún atá ar na réigiúin is forimeallaí san Aontas.

Creideann an Rapóirtéir, áfach, gur cheart go mbeadh Mayotte - agus na réigiúin is forimeallaí trí chéile - in ann a gcabhlaigh iascaireachta féin a fhorbairt san fhadtéarma trí thacaíocht AE agus tacaíocht náisiúnta. Arís agus arís eile, rinne an Pharlaimint iarracht, ar iarracht in aisce é, chun a áirithiú go mairfidh earnáil an iascaigh sna réigiúin is forimeallaí agus i gcomhréir le prionsabail na córa difreálaí d'oileáin bheaga agus do chríocha beaga a luaitear in SFI 14, go gcuirtear tacaíocht ar fáil trí CEMID nó trí Státchabhair, ar bhonn Airteagal 349 CFAE, chun cabhlaigh iascaireachta ar mhionscála na réigiún is forimeallaí a athnuachan a thugann a ngabhálacha uile i gcalafoirt sna réigiúin is forimeallaí i dtír agus a rannchuidíonn le forbairt inbhuanaithe áitiúil.

Tá dúshláin shonracha roimh na réigiúin is forimeallaí a bhaineann lena n-iargúltacht, a dtopagrafaíocht, a margaí beaga agus a n-aeráid dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE; ach ní chuirtear saintréithe sonracha na n-iascach sna réigiúin is forimeallaí san áireamh go leordhóthanach in CBI. Go háirithe, i mbeartas seachtrach an Chomhbheartais Iascaigh, ní mór do chomhpháirtíochtaí straitéiseacha leasanna na réigiún comharsanachta agus, dá bhrí sin, réigiúin AE a ndéantar difear dóibh a chur san áireamh.

Tá an iascaireacht ar mhionscála sna réigiúin is forimeallaí ina mórspreagadh eacnamaíoch, ina foinse biafhlaitheas agus ina gníomhaíocht thraidisiúnta agus tá sí mar chuid de chultúr na gcríoch sin, lena gcruthaítear poist ar muir agus in earnáil na próiseála agus lena gcuirtear le dinimiceas thionscal na turasóireachta, ar inneall tábhachtach eacnamaíoch de chuid na réigiún

sin é.

I bhfianaise an mhéid thuas, molann an Rapóirtéir go bhformheasfadh an Pharlaimint tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin um Rochtain ar Iascach, agus ag an am céanna ag athdhearbhú a hiarrata ar thacaíocht AE nó ar Státchabhair d'athnuachan agus d'fhorbairt inbhuanaithe na gcabhlach iascaireachta in Mayotte agus sna réigiúin is forimeallaí ar bhonn níos ginearálta.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.